



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAON, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'iarthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

• **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5)

Freagair gach cuid den roinn seo.

• **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaící 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair dhá thopaic as an roinn seo.

• **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaící 1, 2, 3, 4, 6.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990*

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
Scaradh Katanga, 1960-1965

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) De réir dhoiciméad A, cad é daonra an Chongó?
(b) De réir dhoiciméad A, cá mhéad duine atá san arm Congólach?
(c) De réir dhoiciméad A, cá mhéad canúint a labhraítar sa Chongó?
(d) De réir dhoiciméad B, cé a tháinig mar uachtaráin ar an gCongó neamhspleách?
(e) De réir dhoiciméad B, cén uair a tháinig deireadh leis an gcomhrac i Katanga? (40)
2. (a) An dtugann an dá dhoiciméad le tuiscint go bhfuil easaontas idir na Congólaigh? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad.
(b) An léiríonn an dá dhoiciméad suim idirnáisiúnta sa Chongó? Mínigh do fhreagra, ag tagairt don dá dhoiciméad. (20)
3. (a) Cad iad na fadhbanna sóisialta a bhraitear i ndoiciméad A?
(b) De réir dhoiciméad B, cén fáth ar iompaigh an comhrac sa Chongó isteach ina chogadh cathartha amach is amach? (20)
4. Cén fáth ar scar Katanga ón gCongó agus conas a ghlac eachtrannaigh páirt sa ghéarchéim a lean an scaradh? (20)

- Doiciméad A -

Sa sliocht leasaithe seo as an *New York Times* (1/7/1960) tugtar chun suntais fadhbanna atá amach roimh Phoblacht Dhaonlathach nua-neamhspleách an Chongó.

Is daoine primitíbheacha iad an 13,600,000 Congólach atá roinnte i measc 200 treibh, cuid acu fós i mbun cogáiochta. Labhraítear breis agus 400 canúint (cineálacha teanga) i bPoblacht an Chongó atá thart ar an tríu cuid chomh mór leis na Stáit Aontaithe.

Sa lá atá inniu ann, níl léamh agus scríobh ach ag leath ar éigean de na Congólaigh agus níl ach sé Chongólach déag a bhfuil céimeanna ó ollscoil nó ó choláiste acu.

Níl aon dochtúir Congólach ann, ná dlíodóir ná innealtóir agus níl aon oifigeach Afracach i measc an 25,000 fear san arm Congólach.

- Doiciméad B -

Tagraíonn an sliocht leasaithe seo do bhunú an Chongó mar thír neamhspleách agus do scardadh Katanga.

I mí Bealtaine 1960 reachtáil údaráis na Beilge toghcháin náisiúnta do stát nua neamhspleách an Chongó. Bunaíodh an stát nua i mí Iúil agus Kasavubu mar Uachtaráin agus Lumumba mar Phríomh-Aire air.

An tsíocháin mhíshocair a bhí acu ansin, níor mhair sí i bhfad mar gheall ar easaontas i measc na dtreibheanna. Thug an ghluaiseacht scardadh Katanga faoi cheannas Moise Tshombe dúshlán don rialtas. Sheol na Náisiúin Aontaithe fórsa síochána isteach ach ba bheag an mhaith a bhí ansin mar go raibh an téarma go hiomlán i ngreim ag cogadh cathartha.

Níor éirigh leis an rialtas lárnach an ceann is fearr a fháil ar lucht an éirí amach in Katanga go dtí 1964. Ag an tráth sin bhí an chumhacht uilig ag an arm faoi cheannas an Ghinearál Mobutu agus scriosadar náimhde ar nós Moise Tshombe.

Foinse: Keith Perry, *Modern World History*, Made Simple Books, Oxford 1990

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

Éire: Topaic I Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo an cur síos a rinne an staráí Maureen Murphy ar Asenath Nicholson. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Dá mbeifeá ag taistéal in Éirinn in 1844-1845, d'fhéadfadh sé go bhfeicfeá – nó go gcloisfeá faoi – bhean neamhghnáach Mheiriceánach a bhí ag siúl ar fud na tuaithe agus í ag canadh iomann, ag léamh as an mBíobla agus ag dáileadh dréachtaí diaga as a lámhbheart mór dubh a bhí déanta as craiceann béir.

Bhí bróga den rubar Indiach á gcaitheamh aici, cóta polca, boinéad agus - nuair nach raibh siad ar iarrайдh - spéaclaí le himill airgid. Thairg roinnt dochúirí an faithne mór a bhí ar a haghaidh a bhaint de. Thuairiscigh sí le roinnt seirfin gur stán daoine uirthi.

Ba í sin Asenath Hatch Nicholson: múinteoir, leasaitheoir, daonuasclóir, scribhneoir agus taistéalai, agus bhí sí tagtha go hÉirinn chun an riocht ina raibh na bochtáin Éireannacha a imscrúdú.

Foinse: M. Gialanella Valiulis & M. O'Dowd (eag) *Women and Irish History*, Dublin 1997

1. Cén fáth a raibh Asenath Nicholson in Éirinn?
2. Conas a bhí sí ag taistéal tríd an tír?
3. Conas a bhí sí gléasta?
4. Conas a léirítéar gur duine diaganta a bhí inti?
5. Cén dearcadh, go hachomair, a bhí ag Charles Trevelyan ar an nGorta?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh na nDeachúna.
2. Forbairt na tionsclaíochta i mBéal Feirste.
3. William Dargan.
4. Na Fíníní in Éirinn.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad é Fuascailt na gCaitliceach agus conas a chuaigh Dónall Ó Conaill i mbun feachtais ar a son?
2. Cad a chuir William Carleton agus/nó an Mháthair Mary Aikenhead le gnóthaí na hÉireann?
3. Cad a chuir Tomás Dáibhéis le gnóthaí ghluaiseacht Éire Óg?
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an Cairdinéal Paul Cullen i gnóthaí na hÉireann?

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Seo sliocht leasaithe as litir (dar dáta 13/9/1913) ina dtráchtann an Captaen V.M. Vallance, oifigeach marcschlua, ar chúrsaí i mBaile Átha Cliath le linn na stailce agus an fhrithdhúnta. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ní cosúil go bhfuil na stailceanna anseo ag teacht chun cinn, cé go ndeir na giúistí sí nach dtosóidh an trioblóid go dtí an tseachtain seo chugainn, nuair a bheidh an pá stailce ídithe agus nuair a thosóidh an ganntanas ag cur as dóibh agus go mbeidh siad ag creachadh siopai.

Tá modhanna an DMP (Póilíní Chathair Átha Cliath) cáinte mar gheall ar iad a bheith ródhian, ach, ar an láimh eile, chuir siad cosc le creachadh agus le glaoch amach an aim.

San áit seo ní ó na stailceoirí a thagann an chontúirt ach ó na milte maistín agus iad ag creachadh. Is dóigh liom nach bhfuil aon chathair eile ar domhan a bhfuil níos lú tionsclaíochta inti. Nil aon fhostaíocht le fáil sa bhaile ach i nGrúdlann Guinness nó sa Chomhlacht Trambhealaigh.

1. Cathain, de réir na ngiúistí sí, a thosóidh an trioblóid?
2. Cén trioblóid a raibh súil léi?
3. Cén chosaint a dhéantar ar an DMP?
4. Cén fáth a bhfuil ráta ard difhostaíochta i mBaile Átha Cliath, de réir an scríbhneora?
5. Cén pháirt a bhí ag William Martin Murphy i stailc agus i bhfrithdhúnadh 1913?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. CLG idir 1884 agus 1891.
2. Conradh na Gaeilge.
3. Longcheártaí Bhéal Feirste.
4. Céadpháirtí Shinn Féin.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Charles Stewart Parnell i ngluaiseacht na talún agus i ngluaiseacht an Rialtais Dúchais araon?
2. Conas a lorg Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy Skeffington feabhsuithe do mhná?
3. Cén fáth ar chuir Edward Carson i gcoinne Rialtas Dúchais d'Éirinn agus conas a chuaigh sé i mbun feachtais ina choinne?
4. Cad a chuir W.B. Yeats le gnóthaí na hÉireann?

Éire: Topaic 3
Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo déantar plé ar pholasáí neodrachta na hÉireann le linn an Dara Cogadh Domhanda. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a thosaigh an cogadh san Eoraip i mí Mheán Fómhair 1939, d'fhógair de Valera polasaí neodrachta do stát na hÉireann. Thacaigh gach uile pháirtí sa Dáil leis seo. Chuaigh James Dillon, leascheannaire Fhine Gael, a bhealach féin i 1942 nuair a d'fhógair sé gur cheart d'Éirinn aontú leis na Stáit Aontaithe agus dul in aghaidh Hitler. Caitheadh amach as an bpáirtí láithreach é.

Thaitin polasaí na neodrachta le muintir na tíre i gcoitinne agus thuig de Valera nach chun leas na Gearmáine ná na Breataine a bheadh aon ionradh ar Éirinn.

D'éirigh le de Valera neodracht na tíre a choinneáil slán go dtí mí Bealtaine 1945 tráth ar tháinig deireadh leis an gcogadh.

Foinse: J.J. Lee *Ireland, 1912-1985* Cambridge University Press, Cambridge 1989

1. Cén polasaí a d'fhógair de Valera i mí Mheán Fómhair 1939?
2. Conas a chuaigh James Dillon a bhealach féin i 1942?
3. Cad a rinne páirtí Fhine Gael maidir le Dillon?
4. Ar éirigh le hÉirinn cloí lena polasaí neodrachta do dtí deireadh an chogaidh?
5. Cén éifeacht mhór a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar Éirinn, Thuaidh nó Theas?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Bille an Rialtais Dúchais, 1912-1914.
2. Pádraig Mac Piarais.
3. Olltoghchán 1918.
4. Evie Hone.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Micheál Ó Coileáin in idirbheartú agus i gcosaint an Chonartha Angla-Éireannaigh?
2. Cén tábhacht a bhain le Comhdháil Chorp Chríost, 1932, don Eaglais agus don Stát araon?
3. Cad a bhain Éamon de Valera amach mar cheannasaí rialtais le linn na tréimhse 1932-1939?
4. Conas a rialaigh an Páirtí Aontachtach i dTuaisceart Éireann idir 1920 agus 1949?

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo déantar plé ar mheon na n-imirceach Éireannaigh i leith sochaí na Breataine agus meon na mBriotanach i leith na nÉireannach. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí meon aisteach ag na himircigh Éireannacha sa Bhreatain i leith sochaí na Breataine i gcoitinne. Cé gur ghlacadar leis gurb í an Bhreatain agus muintir na Breataine a thug an deis dóibh saol nua, luach saothair agus caighdeán oibre níos fearr a bheith acu, ní raibh aon rian de bhuiochas le brath iontu.

D'eascair an meon seo as an anró a bhain leis an seanbhaile in Éirinn a fhágáil ina ndiaidh. Chomh maith leis sin, chreideadar go láidir nach raibh an dara rogha acu ach dul ar imirce i ngeall ar dhrochriail agus failli na Breataine i dtaoibh na hÉireann. De bharr na gcúiseanna seo, d'fhan diaspora na hÉireann sa Bhreatain dílis don seantír agus dá gcuid comh-Éireannaigh thall in áit a bheith dílis do shochaí na Breataine i gcoitinne.

Ba é freagra na Breataine air seo ná a bheith diúltach i leith na nÉireannach agus sula bhfad bhí na hÉireannaigh scoite amach i ngeall ar a gcultúr, a gcreideamh agus a nósanna maireachtála.

Foinse: Stephen Moore, *Gaelic Games and the Irish Diaspora in London* University of Ulster, Coleraine 2010.

1. Cén deis a fuair diaspora na hÉireann ón mBreatain?
2. Cén fáth nach raibh na hÉireannaigh buíoch do shochaí na Breataine?
3. Cé dó a d'fhan diaspora na hÉireann dílis?
4. Cén freagra a bhí ag an mBreatain ar dhiaspora na hÉireann?
5. Seachas an Bhreatain, ainmnigh dhá thír a ndeachaigh Éireannaigh ar imirce i rith an naoú haois déag.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Grosse Isle.
2. An tOrd Oráiste i gCeanada agus san Astráil.
3. An tArdeaspag Daniel Mannix.
4. Páirtíocht na nGael i bpolaitíocht i Stáit Aontaithe Mheiriceá..

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag John Devoy ar an gcaidreamh idir Éirinn agus Meiriceá?
2. Le linn na tréimhse 1922-1966, cé chomh fairsing agus a bhí an imirce ó hÉirinn?
3. Cad a chuir Maureen O'Hara le cruthú íomhánna Éireannacha tríd an scannánaíochta?
4. Cad iad na haidhmeanna a bhí le Misean an Spioraid Naofa go dtí an Nigéir, 1945-1966, agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis a chuid aidhmeanna a bhaint amach?

Éire: Topaic 5
An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Baineann an sliocht leasaithe seo as *The Irish Times* (14/12/1966) le Printísigh Dhoire. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Aréir i gcathair Dhoire, insealbháiodh Aire Tráchtala Thuaisceart Éireann, Brian Faulkner, mar bhall d'Ord Phrintísigh Dhoire.

Ní féidir an searmanas seo a chur i gcrích ach amháin laistigh de bhallaí chathair Dhoire agus rinne an tUasaí Faulkner turas speisialta chuige sin.

I measc bhaill an Oird, tá an Captaen Terence O'Neill, a insealbháiodh go gairid tar éis dó teacht i réim mar Phriomh-Aire.

1. Cén eagraíocht ar ghlac Brian Faulkner ballraíocht inti?
2. Cén fáth a raibh ar Faulkner taisteal go Doire?
3. Cén post a bhí ag Brian Faulkner ag an am?
4. Cén post a bhí ag an gCaptaen Terence O'Neill?
5. Cén fáth a raibh gníomhaíochtaí Phrintísigh Dhoire conspóideach?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sochaí agus geilleagar i dTuaisceart Éireann, 1949-1969.
2. Seamus Heaney.
3. An Comhaontú Angla-Éireannach, 1985.
4. Tionchar na “dTrioiblóidí” ar gheilleagar Thuaisceart Éireann.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a rinne Terence O'Neill iarracht athrú a chur i gcrích i dTuaisceart Éireann?
2. Cén fáth ar cinneadh gan ollscoil a lonnú i nDoire agus cén tionchar a bhí ag an gcinneadh sin ar Dhoire?
3. Cén fáth ar theip faoi dheireadh ar an bhfeidhmeannas comhroinnt cumhachta, 1973-1974?
4. Cén pháirt a ghlac Bernadette Devlin agus/nó Ian Paisley i ngnóthaí Thuaisceart Éireann?

An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo as *Window and Mirror: RTÉ television, 1961-2011* (Baile Átha Cliath 2011) luann John Bowman tuarascáil cháinteach ar sheomra nuachta RTÉ (arna dhátú Bealtaine, 1971). Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaindh.

Rinneadh nuacht eachtrach a thuairisciú ‘ar bhealach fánach michiallhar’. Tugadh neamhaird ar na cùigí den chuid is mó.

Bhí ‘easpa disciplín, réamhléirithe agus bróid’; chomh maith le heaspa anailísé nō aon eilimint de chruthú nuachta sna ráitis nuachta.

Maidir le tuairisceoirí an tseomra nuachta, bhí siad ‘gléasta go dona, chaith siad seaicéid ghiobacha, choinnigh siad a lámha ina bpócaí agus bhí drochurlabhra acu’.

1. Cén bealach a rinne siad nuacht eachtrach a thuairisciú?
2. Cén cáineadh a dhéantar ar na ráitis nuachta?
3. Cén dearcadh, a deirtear, atá ag an seomra nuachta ar na cùigí?
4. Cén fhianaise a fhaigheann tú gur bhain ‘easpa....bróid’ le tuairisceoirí an tseomra nuachta?
5. Conas a chuir Breandán Ó hEithir le tionchar RTÉ ar shochaí na hÉireann?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe in oideachas, i sláinte agus i leas sóisialach.
2. Tionchar CEE ar iascaireacht na hÉireann.
3. Tionchar na Vatacáine II ar shochaí na hÉireann.
4. Garret FitzGerald.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a rinne Seán Lemass iarracht an geilleagar a láidriú agus an caidreamh le Tuaisceart Éireann a fheabhsú?
2. Cad a bhain Jack Lynch amach mar Thaoiseach?
3. Conas a chuir Sylvia Meehan agus/nó Mary Robinson le ról na mban a bheith ag athrú?
4. Conas a d'imir T.K. Whitaker agus/nó an tArdeaspag J.C. McQuaid tionchar ar ghnóthaí na hÉireann?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann de na topaicí thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Déanann an sliocht leasaithe seo cur síos ar chóras Metternich. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Shéan Metternich i gcónai go raibh aon chineál ‘córas’ aige. Tá sé fior gur dhéileáil sé le bagairtí réabhlóideacha i mbealaí difriúla ag brath ar na cúinsí a bhain leo.

In áiteanna áirithe seachas a chéile, bhí sé níos éasca feidhmiú go díreach. San Iodáil d’fhéadfadh sé bagairt a dhéanamh ar na stáit Iodálacha ó tharla go raibh baint ag an Ostair le Lombardia agus Venetia. Sa Ghearmáin, bhí sé in ann feidhmiú go díreach trí pharlaimint na Cónaithme Gearmánaí.

Agus leas á bhaint as an ‘Córas Comhdhálacha’, bhí sé in ann, ar bhealaí indíreacha, an Eoraip agus Impireacht na hOstaire a choinneáil slán ó réabhlóidi.

Foinse: Stuart Miller, *Mastering Modern European History*, Macmillan Educational Ltd London 1988

1. Cén rud a shéan Metternich i gcónai?
2. Cén bealach a bhí ag Metternich le déileáil le bagairtí réabhlóideacha san Iodáil?
3. Cén bealach a bhí ag Metternich le déileáil le bagairtí réabhlóideacha sa Ghearmáin?
4. Cén córas a d’fhéadfadh Metternich a úsáid le hImpireacht na hOstaire a choinneáil slán?
5. Conas a tháinig deireadh le córas Metternich?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Giuseppe Mazzini.
2. Mikhail Bakunin.
3. Fás uirbeach agus imirce.
4. Forbairtí san eolaíocht.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na deacrachtaí a chruthaigh náisiúnachas na mBalcán maidir le síocháin na hEorpa?
2. Cén fáth ar theip ar Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin faoi dheireadh?
3. Conas a rinne Robert Owen agus/nó Robert Peel iarracht cúinsí a fheabhsú sa Bhreatain?
4. Conas a chuir Otto von Bismarck le gluaiseachtaí i dtreo aontas na Gearmáine?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 2
Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Taispeánann pictiúr X ar leathanach 15 fógra ó 1896. Tá an comhlacht gluaisteáin Daimler ag seoladh a Wagonette ar mhargadh na Breataine. Féach ar phictiúr X agus ar an leagan Gaeilge den téacs thíos. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Chuig na Mórúaisle agus na Mionuaise *Bealtaine 1896*

Ba mhór ag an Great Horseless Carriage Co Ltd an Daimler Wagonette a chur in bhur láthair.

Inneall dó inmheánaigh a chuireann ag imeacht an fheithicil nuálach seo. Inneall peitril ar sé each-chumhacht. Sorcóir cúplach. D'fhéadfadh an Carráiste luas 12 mile san uair a bhaint amach gan stró ar bhóthar réidh agus téann sé suas agus síos na cnoic go sábháilte.

Sásóidh sí seo mianta an tsealgaire agus an té a bhfuil dúil sa dulra aige i ngeall ar na fiordheiseanna a thugann sí leas a bhaint as an aer úr agus as an radharc gan bac ar an tírdhreach.

1. Cén luas is féidir leis an Wagonette a dhéanamh ar bhóthar réidh?
2. Cén sórt innill atá aige?
3. Conas a dhéantar tarraigteach é don duine a bhfuil dúil aige nó aici sa dulra?
4. Cén fhianaise a chuireann an fógra ar fáil go raibh sé dírithe ar dhaoine saibre?
5. Conas a chuir Karl Benz le stair luath an għluasteáin.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Polasaí eachtrach Bismarck.
2. An Dara hIdirnáisiúntas.
3. Wilfred Owen.
4. Socrú Síochána Pháras.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a raibh caidreamh Bismarck leis an Eaglais Chaitliceach sa Ghearmáin mar chuíis leo?
2. Cé chomh rathúil agus a bhí polasaí eachtrach Wilhelm II (lena n-áirítear a pholasaí cabhlaigh)?
3. Cad a chuir mná leis an lucht saothair sa Chéad Chogadh Domhanda?
4. Conas a chuir Marie Curie agus/nó teaghlaich Krupp leis an eolaíocht nó leis an teicneolaíocht?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 3
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad.

Tagraíonn an sliocht leasaithe seo don chéad cheann de sheóthrialacha Stalin a thosaigh i Moscó ar 19 Lúnasa, 1936. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ba chléirigh de chuid an NKVD i ngnáth-éide, iriseoirí eachtracha agus taidhleoirí den chuid ba mhó an 350 duine sa lucht féachana.

Shuigh an triúr breitheamh ar dhás ardaithe sa lá. Shuigh an príomh-ionchúisitheoir, Vyshinsky, ar thaobh na láimhe clé den lucht féachana. Shuigh an sé dhuine dhéag cosantóirí, a bhí á ngardáil ag trúipéirí de chuid an NKVD le beagnití i mbarr na ngunnaí acu, ar thaobh na láimhe deise.

Dúradh go raibh Stalin folaithe i gcuas le fuinneoga dorchaithe agus maiodh go raibh tuthóga deataigh ag éiri as.

1. Cén ócaid a ndéantar cur síos uirthi?
2. Cé a bhí i láthair ag an triail ó lasmuigh den Aontas Sóivéadach?
3. Conas a bhí na trúipéirí armáilte agus cad a rinne siad?
4. An bhfuil an scríbhneoir cinnte go raibh Stalin i láthair? Mínigh do fhreagra.
5. Cé fáth ar chuir Stalin seóthrialacha ar siúl?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Lenin.
2. Faisisteachas san Iodáil.
3. Polasaí eachtrach Hitler, 1933-1939.
4. Winston Churchill.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe sóisialta agus geilleagracha a chuir Stalin i gcrích sa Rúis Shóivéadach?
2. Conas a d'fhreagair J.M. Keynes agus/nó iad siúd a ghlac páirt i Máirseáil Jarrow (Deireadh Fómhair, 1936) d'fhadhanna geilleagracha na Breataine?
3. Cén pháirt a ghlac Joseph Goebbels agus/nó Leni Riefenstahl sa Ghearmáin Naitsíoch?
4. Cad a chuir Charlie Chaplin agus/nó Bing Crosby le siamsaíocht?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 4
Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo a bhaineann le hÉiri Amach na hUngáire, labhraíonn Imre Nagy ar raidió na hUngáire, 5.20 a.m. ar 4 Samhain, 1956. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is é seo Imre Nagy, cathaoirleach Chomhairle Airí Dhaon-Phoblacht na hUngáire, ag caint.

Go luath maidin inniu, rinne trúpaí Sóivéadacha ionsáí ar ár bpriomhchathair agus é soiléir go raibh sé ar intinn acu rialtas dleathach, daonlathach na hUngáire a threascairt.

Tá ár dtrúpaí i mbun troda. Tá an rialtas fós i réim.

Táim á chur seo in iúl do mhuintir na tíre agus d'aigne an phobail ar fud an domhain.

1. Cén post a bhí ag Imre Nagy?
2. Cén t-imeacht a raibh sé ag tuairisciú air?
3. Cad iad na hábhair sóláis a thug sé dá lucht éisteachta?
4. Cad a rinne Imre Nagy i ngeall ar an méid a tharla an mhaidin sin?
5. Cad a tharla do Imre Nagy faoi dheireadh?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scriobh alt ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Simone de Beauvoir.
2. Géarchéim na hOla, 1973.
3. John Lennon.
4. Tionchar an ríomhaire ar an sochaí.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén cheannasaíocht a chuir Nikita Khrushchev ar fáil i ngnóthaí intíre agus/nó i ngnóthaí eachtracha?
2. Conas a chuir Jean Monnet agus/nó Jacques Delors le gluaiseachtaí i dtreo aontacht na hEorpa?
3. Cén tionchar a bhí ag Dara Comhairle na Vatacáine ar an Eaglais Chaitliceach?
4. Cén cheannasaíocht a chuir Margaret Thatcher ar fáil i ngnóthaí intíre agus/nó i ngnóthaí eachtracha?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Taispeánann pictiúr Y ar leathanach 15 an clúdach ón iris Mheiriceánach *Life* (16/4/1965). Feictear criú héileacaptair i mbun gníomhaíochta le linn Chogadh Vítneam. Féach ar phictiúr Y agus ar an leagan Gaeilge den téacs thíos. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

LIFE *Alt le Larry Burrows i Vítneam*

IN ÉINEACHT LE CRIÚ CRÓGA AGUS TROID MHARFACH AR BUN
Na Vietcong ag diríú isteach ar héileacaptair Mheiriceánacha soleonta

*San héileacaptar Meiriceánach
I marbhán na hoíche
Ceannaire an chriú ag béisil
Píolóta ag fáil báis*

1. Cá háit ar tharla an eachtra agus cathain?
2. Cén uirlis troda atá in úsáid?
3. Cén dochar atá déanta don chriú?
4. Ó fhianaise an chlúdaigh atá air, an bhfuil dearcadh dearfach nó diúltach ag *Life* ar iarracht chogaidh Mheiriceá? Mínigh do fhreagra go hachomair.
5. Cén fáth ar fhág SAM Vítneam faoi dheireadh?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Harry Truman.
2. “Fear an Eagrúcháin”.
3. Billy Graham.
4. SALT agus *Star Wars*.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Joe McCarthy leis “an scanradh roimh an dearg” sna Stáit Aontaithe?
2. Cad iad na fadhbanna a chruthaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas do SAM: Beirlín; an Chóiré; Cúba?
3. Cad a chuir Muhammad Ali agus/nó Marilyn Monroe le fás na meán cumarsáide i Meiriceá na linne seo?
4. Cad iad na bealaí ar léirigh saol agus saothar Betty Friedan ról na mban agus an teaghlaigh a bheith ag athrú i Meiriceá na linne seo?



Pictiúr X



Pictiúr Y

Leathanach Bán